

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tagann duine nádúrtha a thagann chun bheith ina chomhalta de scéim arna cur chun feidhme ag cuideachta tráchtála agus lena gceadaítear, go háirithe, sochair airgeadais áirithe i ndáil le hearraí agus seirbhísí a cheannach ag an duine nádúrtha sin nó daoine eile atá rannpháirteach sa scéim sin tar éis dó sin a mhóladh ó chomhpháirtithe tráchtála na cuideachta sin, i gcás ina bhfuil an duine nádúrtha sin ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó nó dá ghairm, faoi choincheap an 'tomhaltóra', de réir bhrí na forála sin.

(<sup>1</sup>) IO C 452, 8.11.2021

**Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 8 Meitheamh 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – Fastweb SpA, TIM SpA, Vodafone Italia SpA, Wind Tre SpA v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni**

(Cás C-468/20 (<sup>1</sup>), Fastweb agus páirtithe eile (Fráma ama le haghaidh billeála))

*(Tarchur chun réamhrialú – Líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí – Treoracha 2002/19/CE, 2002/20/CE, 2002/21/CE agus 2002/22/CE – Airteagal 49 CFAE – Saoirse bunaíochta – Airteagal 56 CFAE – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Reachtaíocht náisiúnta lena ndeonaítear an chumhacht don údarás rialála náisiúnta íostréimhse ama a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí teileafónaíochta chun tairiscintí a athnuachan agus íostréimhse ama le haghaidh billeála – Cosaint tomhaltóirí – Prionsabal na comhréireachta – Prionsabal na córa comhionainne)*

(2023/C 261/32)

Teanga an cháis: an Iodáilis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Fastweb SpA, TIM SpA, Vodafone Italia SpA, Wind Tre SpA

*Cosantóir:* Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni

*Idirgraithe:* Telecom Italia SpA, Vodafone Italia SpA, Associazione Movimento Consumatori, U.Di.Con – Unione per la Difesa dei Consumatori, Wind Tre SpA, Assotelecomunicazioni (Asstel), Eolo SpA, Coordinamento delle associazioni per la tutela dell'ambiente e dei diritti degli utenti e consumatori (Codacons), Associazione degli utenti per i diritti telefonici – A.U. S. TEL ONLUS, Altroconsumo, Federconsumatori

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagail 49 agus 56 CFAE agus Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, (2)(a), (4)(b) agus (d) agus (5)(b) de Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir Réime), arna leasú le Treoir 2009/140/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 agus le hAirteagal 20 go hAirteagal 22 de Threoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir um Sheirbhís Uilíoch), arna leasú le Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009, arna léamh i gcomhar le prionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní choisctear reachtaíocht náisiúnta lena dtugtar an chumhacht don údarás rialála náisiúnta cinneadh a ghlacadh lena gceanglaítear, ar thaobh amháin, ar oibreoirí seirbhísí teileafónaíochta soghluaiste fráma ama a bheith acu chun tairiscintí tráchtála a athnuachan agus billeáil nach lú ná ceithre seachtaine agus, ar an taobh eile, ar oibreoirí teileafónaíochta seasta agus seirbhísí gaolmhara fráma ama a bheith acu chun tairiscintí den sórt sin a athnuachan agus billeáil de mhí amháin nó níos mó, ar choinníoll gur cásanna éagsúla atá i gceist, i bhfianaise ábhar agus chuspóir na reachtaíochta náisiúnta sin, leis an dá chatagóir seirbhísí faoi cheist.

(<sup>1</sup>) IO C 257, 4.7.2022.